TREOIRLÍNTE

TREOIRLÍNE (AE) 2022/688 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 22 Aibreán 2022

lena leasaítear Treoirlíne 2013/47/AE maidir le hUathchóras Mearaistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach (TARGET2) (BCE/2012/27) (BCE/2022/20)

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus go háirithe Airteagal 127(2), an chéad fhleasc agus an ceathrú fleasc, de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 3.1, Airteagal 17, Airteagal 18 agus Airteagal 22 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle Rialaithe Treoirlíne (AE) 2021/1759 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2021/30) ([1]), lenar leasaíodh na rialacha i dTreoirlíne 2013/47/AE ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2012/27) ([2]) a bhfuil feidhm acu maidir le conarthaí a tugadh i gcrích le soláthraithe seirbhíse líonra T2S mar gheall ar chur chun feidhme Thionscadal Comhdhlúite T2-T2S. Tá feidhm ag na rialacha leasaithe a tugadh isteach le Treoirlíne (AE) 2021/1759 (BCE/2021/30) ón 13 Meitheamh 2022.

(2) De bharr na n-iarrachtaí gan choinne is gá chun an nascacht nua le Tairseach Bhonneagar Mhargadh Aonair an Eurochórais a bhunú agus a chobhsú, ba cheart cur i bhfeidhm na rialacha leasaithe sin a chur siar go ceann tréimhse 3 seachtaine, ionas go mbeidh feidhm acu ón 4 Iúil 2022.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Treoirlíne 2013/47/AE (BCE/2012/27) a leasú dá réir.

(4) Chun dóthain ama a thabhairt do na bainc cheannais na bearta is gá a dhéanamh chun an Treoirlíne seo a chomhlíonadh, ba cheart go ngabhfadh éifeacht leis an Treoirlíne seo dáta an fhógra agus ba cheart í a fhoilsiú gan mhoill in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN TREOIRLÍNE SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú

Cuirtear an tAirteagal 34b nua seo a leanas isteach in Iarscríbhinn IIA a ghabhann le Treoirlíne 2013/47/AE (BCE/2012/27):

([1]) Treoirlíne (AE) 2021/1759 ón mBanc Ceannais Eorpach an 20 Iúil 2021 lena leasaítear Treoirlíne BCE/2012/27 maidir le hUathchóras Mearaistrithe Socraíochta Fíor-ama Tras-Eorpach (TARGET2) (BCE/2021/30) (IO L 354, 6.10.2021, lch. 45).

([2]) Treoirlíne 2013/47/AE ón mBanc Ceannais Eorpach an 5 Nollaig 2012 maidir le hUathchóras Mearaistrithe Socraíochta Fíor-ama Tras-Eorpach (TARGET2) (BCE/2012/27) (IO L 30, 30.1.2013, lch. 1).

"*Airteagal 34b*

Cur i bhfeidhm iarchurtha na leasuithe arna dtabhairt isteach le mír 1(c), mír 7 agus mír 9 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoirlíne (AE) 2021/1759 (BCE/2021/30)

Na bearta is gá a bheidh le déanamh agus le cur i bhfeidhm ón 13 Meitheamh 2022 de bhun Airteagal 2(2) de Threoirlíne (AE) 2021/1759 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2021/30) (*), cuirfear i bhfeidhm iad ón 4 Iúil 2022.

_____

(*) Treoirlíne (AE) 2021/1759 ón mBanc Ceannais Eorpach an 20 Iúil 2021 lena leasaítear Treoirlíne BCE/2012/27 maidir le hUathchóras Mearaistrithe Socraíochta Fíor-ama Tras-Eorpach (TARGET2) (BCE/2021/30) (IO L 354, 6.10.2021, lch. 45)."

Airteagal 2

Teacht in éifeacht agus cur chun feidhme

Tiocfaidh an Treoirlíne seo i bhfeidhm an lá a thabharfar fógra do bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát arb é an euro an t-airgeadra atá acu.

Airteagal 3

Seolaithe

Dírítear an Treoirlíne seo ar gach banc ceannais an Eurochórais.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 22 Aibreán 2022.

Do Chomhairle Rialaithe an BCE
Uachtarán an BCE
Christine LAGARDE